# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Feabhra 2021

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Fáilte

A Chomhghleacaithe OR, a chairde,
Fáilte chuig eagrán mhí Feabhra de nuachtlitir an Oideachais Reiligiúnaigh. Is é ár bPríomhscil an mhí seo faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú, ar scil thábhachtach do scoláirí le forbairt agus ceann is féidir leo a léiriú trí MRB 1. Ós rud é go bhfuil cuid agaibh ag plé le MRB 1 faoi láthair, tá meabhrúcháin agus naisc úsáideacha curtha leis seo againn chun cabhrú leat ag an tráth seo.

## Dátaí don dialann - Feabhra 2021

**Imeachtaí agus ceiliúradh atá le teacht ón bhféilire idirchreidimh**

| | |
|---|---|
| *1ú* | *Lá Fhéile Bríde*<br>*An Chríostaíocht* |
| *1ú* | *Lá Domhanda Hidseab*<br>*An tIoslam* |
| *8ú* | *Lá Nirbheána*<br>*An Búdachas* |
| *14ú* | *Lá Fhéile Vailintín*<br>*An Chríostaíocht* |
| *17ú* | *Tosaíonn an Carghas* |

## Athfhriotal na míosa

*"Is faoin anró is mó a bhíonn an poitéinseal is mó chun maitheas a dhéanamh, ar do shon féin agus ar son daoine eile araon."*

*- Dalai Lama*



## Príomhscil i bhFócas: Eolas agus Smaointeoreacht a bhanistiu

Tá an phríomhscil a bhaineann le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú riachtanach do scoláirí le linn a dturais fhoghlama agus go háirithe le linn dóibh a gcuid MRBnna a dhéanamh. Agus é sin ar intinn againn, is é ár bpríomhfhócas an mhí seo a chur ar chumas ár gcuid scoláirí dul i ngleic leis na nithe seo a leanas:




- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a usáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

## Tacaíochtaí MRB 1

D'fhonn cabhrú le múinteoirí MRB 1 a éascú tá teacht acu ar shraith acmhainní lena n-áirítear seimineár gréasáin a thugann próifíl ar ullmhú Mheasúnú Rangbhunaithe 1. ar shuíomh gréasáin JCT.ie faoin táb don Oideachas Reiligiúnach.

Ina theannta sin, forbraíodh PDF forbhreathnaithe chun léargas iomlán soiléir a thabhairt ar na bealaí a d'fhéadfaí 'duine tiomantais' a roghnú agus ar na torthaí foghlama a bhaineann le MRB 1.

I measc na n-acmhainní PDF eile tá na gnéithe cáilíochta agus tuairiscíní na ngrád; Bileog Cheisteanna Coitianta MRB 1; Bileog ghníomhaíochta cheithre chéim; próiseas agallaimh 9 gcéim; agus Eagraí Machnaimh MRB 1.

Cliceáil anseo nó mar mhalairt air sin:
https://jct.ie/religious_education/assessment

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Leideanna Teicneolaíochta

Ós rud é go mbíonn orainn a bheith ag múineadh ar líne leanaimid orainn a chur feidhmeanna praiticiúla ar fáil ar féidir iad a úsáid le do scoláirí, sa chás seo chun cabhrú le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú.

edpuzzle https://edpuzzle.com/

Is ardán éasca le húsáid é Edpuzzle a ligeann do mhúinteoirí gach scoláire a mhealladh chun oibre, físeán amháin ag an am.


Le Edpuzzle, is féidir leat físeán ar bith a dhéanamh do cheacht i dtrí chéim éasca:

1) Faigh físeán ar YouTube, uaslódáil do cheann féin nó athúsáid ceacht físeáin cruthaithe ag múinteoir eile.
2) Ansin, cuir an físeán in eagar chun do cheacht a chruthú. Taifead do ghuth chun é a phearsanú, agus coinnigh do chuid scoláirí cuntasach trí cheisteanna a leabú san fhíseán.
3) Sann an físeán do do scoláirí agus seiceáil a ndul chun cinn i bhfíor-am agus iad ag foghlaim ar a luas féin.

I ndeireadh na dála, cabhraíonn an fheidhm seo le scoláirí a chur i mbun foghlaim fhéinluais agus ag an am céanna treisíonn iontu úinéireacht agus cuntasacht i leith a dturais fhoghlama.

## Straitéis mholta i gcomhair Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú - Meabhairmhapa (ag baint úsáid as Coggle)

Tugann an straitéis seo struchtúr do scoláirí chun achoimre agus léiriú amhairc a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu. Feabhsaíonn sé cuimhne fhadtéarmach ar fhaisnéis fhíorasach agus arís cabhraíonn sé leis an bpríomhscil a bhaineann le heolas agus smaointeoireacht a bhainistiú.


Mindmap-Coggle

This strategy gives students a structure to summarise and represent visually what they have learned. It improves long-term memory of factual information.

After teaching a topic coggle could be used to summarise, organise and visualise the topic. It could also be used as a brainstorming exercise to summarise prior knowledge at the beginning of a topic.

- Before class, login to **www.coggle.it** and prepare a sample mind map to show as an example to the students.
- Show this to the whole class using a data projector and demonstrate its features. You could also show the following video **https://goo.gl/xf8n23** which demonstrates the features of coggle in 1 min.
- Bring students to the IT room.
- All students (or in groups of 2) login via web browser www.coggle.it
- Select a free plan.
- Click create (private diagram)
- Now you are in the coggle work space.
- Ask students to create a mind map on the chosen topic.
- Students select a number of headings and add notes under each heading to create their own mind map.

Tips

- Students can work on their own or in pairs to develop a mind map.
- Encourage all students to create an account and add to their mind maps as the progress through the year.
- Once the students have a coggle account it can be used in as many subjects as they wish.
- Teachers can view the mind maps to observe whether teaching needs to be adapted (students share their coggle with their teacher using the share feature).
- Students could present their mind maps to the rest of the class.
- A variety of devices can be used e.g. tablet, smart phone etc.
- Peer assessment can be used where students could give each other feedback on areas they may have left out or need to be improved in their mind maps.

Further Information
Further reading and support on implementing this strategy is available on www.jct.ie

Key Skills
- Managing information and thinking
- Managing myself
- Being literate
- Being creative
- Working with others

Resources
- Coggle.it (other mind-mapping tools are available online)
- Data projector
- IT Room/Smart Phone/Tablet

Room Layout
If using groups, arrange students in **groups of 2**

Assessment
Teachers can assess student understanding of a topic. Peer assessment and feedback can give students the opportunity to improve their mindmaps.

Supporting Homework
A mind map could be used as a home exercise throughout a topic

Junior CYCLE for teachers

Tar éis topaic a theagasc d'fhéadfaí Coggle a úsáid chun achoimre, eagrú agus amharcléiriú a dhéanamh ar an ábhar. D'fhéadfaí é a úsáid freisin mar chleachtadh tobsmaointeoireachta chun achoimre a dhéanamh ar réamheolas ag tús topaice. Cliceáil anseo le do thoil don nasc chuig an straitéis, Meabhairmhapa, ar JCT.ie

## OR sa Nuacht

Lá Domhanda Hidseab: 'Is cuid díom é an hidseab, is é m'fhéiniúlacht é'

Reáchtáil an grúpa, Siúracha Moslamacha na hÉireann (MSOE), ócáid Lá Domhanda Hidseab ar líne le déanaí, mar chomóradh ar éachtaí na mban Moslamach i sochaí na hÉireann. Tógfaidh an nasc thíos thú chuig an gcáipéis ar líne de chuid an Irish Times:



https://www.irishtimes.com/news/social-affairs/world-hijab-day-the-hijab-is-a-part-of-me-it-s-my-identity-1.4473443

## Meabhrúcháin Laethanta Cnuasaigh

A bhuíochas daoibhse a tháinig i bpáirt linn ar an oiliúint chnuaslae, fuair muid aiseolas an-dearfach go dtí seo.

Dóibh siúd atá fós le teacht ar bord, is féidir leat do dháta sceidealta a fháil ó do scoil. Mura bhfaigheann tú do nasc Zoom 5 lá roimh an dáta sceidealta, déan teagmháil leis an duine UBA i do scoil (ar an gcéad dul síos) agus seiceáil gurb é an seoladh ríomhphoist scoile ceart a chuir an duine UBA isteach sa chóras. Má tá sé sin go léir ceart agus má tá deacracht ann fós déan teagmháil le **info@jct.ie**.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar lá an chnuasaigh, cliceáil anseo

*Le dea-mhéin*

*Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*